Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Athrú Uimh. 3 (Tithíocht Tuaithe) Ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012-2018 (arna leasú) - arna dhéanamh 27 Iúil 2015.

---

**An téacs I gCaibidil 5, Cuid 5.3.3, leathanach 86 den Chroí-Dhoiciméad, maidir le Polasaí RH-P-5 Limistéar faoi Thionchar Láidir Uirbeach**

- **Tá ~~line dhubh frid~~ an téasc atá le scrios**
- **Tá data gorm ar an téasc atá le cur inteach**

**RH-P-5** **Ceantar faoi Thionchar Láidir Uirbeach**

Tá de bheartas ag an Chomhairle nuair atá léirithe ag duine go bhfuil teach cónaithe de dhíth orthu i gceantar atá sainmhínithe mar Cheantar Tuaithe Faoi Thionchar Láidir Uirbeach, go bhféadfaí é a bhreithniú go fábharach do na daoine sin ar féidir leo fianaise a chur ar fáil go bhfuil siadsan, **nó a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí ina gcónaí sa cheantar tuaithe sin** ~~nó a dtuismitheoirí, ina gcónaí sna ceantair sin~~ le tréimhse nach lú ná 7 mbliana. **Tá an méid thuas** faoi réir comhlíonadh gach beartas ábhartha eile de chuid an Phlean seo, ar a n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2. Ní cheadófar forbairt tithe saoire sna limistéir seo.